



COMHAIRLE ULADH CUMANN LUTHCHLEAS GAEL

SAINCHUNTAS POIST

- Teideal an Phoist:** Oifigeach Gaeilge
- Freagrach do:** Ceannasaí Forbartha Pobail, CLG Uladh
- Tréimhse an Phost:** Saoire Mháithreachais

1. CUSPÓIR AN PHOIST

Lonnaithe ag Ceannarás Uladh (ceanncheathrú CLG Uladh Ard Mhacha) beidh an duine a cheapfar freagrach as forbairt, cur chun cinn agus úsáid níos mó na Gaeilge ar fud CLG in Ulaidh. Oibreoidh an duine a cheapfar mar bhall den Roinn Forbartha Pobail. Oibreoidh an t-iarrthóir chomh maith i bhfoirne na ranna go léir atá á bhfeidhmiú ag CLG Chomhairle Uladh, coistí contae, clubanna agus comhpháirtithe straitéiseacha eile.

2. NA PRÍOMHRÉIMSI FREAGRACHTA

- a) Ceannaireacht a glacadh ar chur chun cinn na Gaeilge agus an chultúir do CLG sa chúige, de réir straitéis CLG Uladh 2021-2023: 'AG COTHÚ CLUBANNA AGUS AG FORBAIRT ACMHAINNE', agus a phlean forfheidhmithe gaolmhar 'Téama 4 (4.3: – An Ghaeilge, ár ngníomhaíochtaí agus ár gcultúr a fhorbairt agus a chur chun cinn.'
- b) An Ghaeilge a chur chun cinn leibhéal ag leibhéal an phobail, lena n-áirítear
 - i. **Foghlaim sa Chlub**
 - Tacú leis an fhoghlaim fud fad na heagraíochta tríd an phlean teagaisc do chlubanna CLG.
 - Dianchúrsa(i) réigiúnacha a reáchtáil

- Cur chun cinn na Gaeilge a chomhordú i measc fhoireann agus oifigigh Chomhairle Uladh
- ii. **Feachtais CLG Uladh**
- Ról CLG Uladh in Seachtain na Gaeilge 2023 a chinntiú.
 - Comórtas na Scoileanna i gcomhar le Scoileanna Uladh.
 - Gaelchlub na Bliana: an duais a chur chun cinn agus próiseas na bronnta a réachtáil.
- iii. **Coiste Náisiúnta na Gaeilge – nasc leis an CLG ag leibhéal náisiúnta maidir le cuir chun cinn na teanga**
- Lá na Gaeilge
 - Go Games trí Ghaeilge
 - Tráth na gCeist Bord (ag leibhéal an chúige agus leibhéal náisiúnta)
- iv. **Cúrsa de Faoite**
- Freastal ar Choiste ghrúpa oibre chúrsa Shéamuis de Faoite, na Dúnaibh agus an tacaigh leo an cúrsa a réachtáil.
- v. **Cúrsaí Riaracháin**
- Miontuairiscí dátheangacha a chur ar fáil do chruinnithe Chomhairle Uladh.
 - Freastal ar Choiste na Gaeilge agus na hOidhreachta agus ar Choiste Scór Uladh.
 - Profáil agus aistriúchán ar dhoiciméid CLG Uladh mar a iarrtar, mar shampla, tuairiscí, cláir.
 - Tuarascáil an Rúnaí do Chomhdháil CLG Uladh.
- vi. **Gaeilge sa Chlub**
- Riarachán a dhéanamh ar an scéim sparánachta Gaeilge sa Chlub.
 - Ceardlanna na scéime a réachtáil.
 - Na tionscadail a chlúdach ar na meáin shóisialta / ar shuíomh CLG Uladh.
- vii. **Feiceálacht na Gaeilge**
- Freagracht as poist sna meáin shóisialta nó blaganna i nGaeilge.
 - Ionadaíocht a dhéanadh ar son CLG Uladh mar a iarrtar ar agallaimh i nGaeilge agus déileáil le haon ghlaonna teileafóin i nGaeilge a thagann isteach go Comhairle Uladh.
- viii. **Na Ceanneagraíochtaí**
- Seisiúin eolais agus lionrú pobail a chur ar fáil do chlubanna i gcomhar le Glór na nGael agus Oifigigh na gComhairlí.
 - Tacaíocht a chur ar fáil do Ghlór na nGael don Fhondúireacht.

- Déan teagmháil le comhlachtaí ábhartha Gaeilge - Foras na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, Glór na Gael, Gael Linn srl.
 - Deiseanna a lorg go réamhghníomhach an Ghaeilge a chur chun cinn ag leibhéal an chlub, an chontae agus an chúige
- c) Ag feidhmiú mar chomhalta oibríochtúil den Fhoireann Forbartha Pobail agus an Fhoireann Chumarsáide
- d) Ag obair leis an Fhoireann Forbartha Pobail leis na cláir seo a leanas a chur i gcrích:
- Tionscadail teanga agus tionscnaimh theanga
 - Cláir chultúrtha
 - Cláir for-rochtana pobail, dea-chaidrimh agus éagsúlachta
 - Tionscadail a chuireann le forbairt club, contae agus saorálaithe
 - Cúrsaí oiliúna do riarthóirí agus do shaorálaithe le cumas a thógáil laistigh de chlubanna agus de phobail;
- e) Freastal ar chruinnithe agus ceardlanna, cúrsaí oiliúna agus cuairt a thabhairt ar láithreáin ghréasáin mar is cuí.
- f) A bheith rannpháirteach in oiliúint eagraíochta, athbhreithnithe bliantúla foirne agus breithmheas.
- g) Aon dualgais a fhéadfaidh Coiste Bainistíochta CLG Uladh, Stiúrthóir Cúige agus Ceannasaí Forbartha Pobail a iarraidh.

3.FREAGRACHT

- Bunachair sonraí agus scarbhileoga a fhorbairt le sonraí a bhaineann le cláir forbartha CLG Uladh a thaifeadadh.
- Freastal ar chruinnithe, seimineáir agus cláir oiliúna a bhaineann le forbairt agus cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach Uladh.
- Cumarsáid a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara, comhpháirtithe agus gníomhaireachtaí eile de réir mar is gá.
- Moltaí a dhéanamh le coinníollacha agus cumas eagraíochtúil CLG Uladh ina iomláine a fheabhsú.
- Aon dualgais eile a dhéanamh de réir mar a iarrfar go réasúnta.
- Déanfar Conradh leis an tsealbhóir a bheith ag obair a fhad le 38.5 uair sa tseachtain agus beifear ag súil go n-oibreoidh sé/sí uaireanta frithshóisialta (go déanach tráthnóna déanach agus deireadh seachtaine)

Ní mheastar go bhfuil an sainchuntas poist seo eisiach nó uileghabhálach. Tá sé beartaithe mar léiriú imlíne maidir leis na réimsí oibre atá le déanamh agus déanfar é a leasú i bhfianaise riachtanais athraitheacha Chomhairle Uladh.

**COMHAIRLE ULADH
CUMANN LÚTHCHLEAS GAEL**

SONRAÍOCHT FAOIN PHEARSA

TEIDEAL AN PHOIST: Oifigeach Chultúrtha agus Gaeilge

	Riachtanach	Inmhianaithe
Cáilíochtaí agus gnóthachtálacha	<p>Oilteacht scríofa agus labhartha sa Ghaeilge</p> <p>Cáilíocht tríú leibhéal i ndisciplín ábhartha</p> <p>2 bhliain ar a laghad de thaithí oibre ábhartha don phost ((i.e. Gaeilge, Cultúr, Obair Phobail, Polasaí Sóisialta, Polasaí Poiblí, Bainistíocht, Gnó, Oideachas, nó disciplín chuí eile)</p> <p>Scileanna TFC agus cumarsáide den scoth</p>	<p>Stádas cáilithe do mhúinteoirí nó taithí ag cruthú ceachtanna / ag teagasc in institiúid oideachais</p>
Taithí ábhartha	<p>Eolas láidir agus tuiscint ar fhorbairt na Gaeilge agus cúrsaí cultúrtha laistigh de chomhthéacs CLG:</p> <ul style="list-style-type: none">• Gaeilge• Scór• Cultúr agus Oidhreacht <p>Tuiscint shoiléir ar an dóigh is féidir tionscadail sna</p>	<p>Taithí ar a bheith ag obair i dtrí cinn de na réimsí seo a leanas ar a laghad:</p> <ul style="list-style-type: none">- Forbairt, cur chun cinn agus oideachas teanga- Tacaíocht do shaorálaithe agus do thógáil cumais- Forbairt pobail agus forrochtana

	<p>réimsí thuas a chur i bhfeidhm ar an chlub agus ar chomhthéacs an phobail in Ulaidh</p> <p>An cumas polasaithe straitéiseacha a cheangal le céim an fheidhmithe</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Dearadh agus seachadadh cúrsaí - Forbairt chultúrtha - Riarachán - A bheith ag obair mar pháirt d'fhoireann le cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach <p>Eolas ar fhoinsí maoinithe agus ar ghníomhaireachtaí a d'fhéadfadh tacú le forbairt na Gaeilge laistigh den CLG in Ulaidh</p>
Cumais speisialta	<p>Tuiscint shoiléir ar na saincheistanna reatha atá os comhair CLG i gcoitinne, go háirithe Gaeilge, cultúr, forbairt pobail agus straitéiseach in CLG Uladh</p> <p>Scileanna léirithe scríofa agus béil léirithe agus idirbheartaíochta</p> <p>In ann labhairt beo ar an raidió agus a bheith ag obair leis na meáin</p> <p>Cumas oibriú faoi bhrú agus treoirlínte daingean a chomhlíonadh</p>	<p>Eolas ar struchtúir CLG Uladh agus CLG lárnach (leibhéal contae agus club), rialacha agus cleachtais nua-aimseartha</p>
Éirim ghinearálta	<p>Cumas gníomhú as a stuaim féin agus cinntí a ghlacadh de réir polasaí</p> <p>Ardchaighdeáin bhreithiúnais agus réasúnaíochta</p>	
Meon	<p>Scileanna idirphearsanta den scoth agus cumas a bheith ag obair mar pháirt d'fhoireann</p>	

Cúinsí	<p>Rochtain ar fhoirm iompair a ligfidh don iarrthóir riachtanais an phoist a chomhlíonadh go hiomlán</p> <p>Sásta a bheith ag obair uaireanta frithshóisialta agus am a chaitheamh ar shiúl ón bhaile thar oíche do chruinnithe etc.</p>	
---------------	---	--